# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2012

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Fraincis

# Ardleibhéal

# Scrúdú na hArdteistiméireachta 2012

## Fraincis – Ardleibhéal

## Scéim Mharcála

**Nóta míniúcháin:**

Sa Scéim Mharcála seo,
léiríonn **pointe le hurchair** freagra ar fiú iomlán na marcanna é,
léiríonn **dais** freagra ar fiú cuid de na marcanna é nó 0 marc, agus
léiríonn **lúibíní cruinne** ábhar nach mbaineann le hábhar nach ngearrfar pionós air.

## ROINN I COMPRÉHENSION ÉCRITE (120 marc)

Tá feidhm leis na pointí ginearálta seo a leanas sa dá **Léamhthuiscint**

Ní mór ceisteanna a bhfuil foranna iontu [m.sh. (a) agus (b)] a fhreagairt ar na línte faoi leith atá ann dóibh.

Áit a bhfuil spásanna ar leith curtha ar fáil, agus go gcuirtear dhá fhreagra nó níos mó ar aon líne amháin, breathnaítear air seo mar fhreagra amháin agus tugtar marc dá réir.

Ní bhronnfar marc as aon fhoroinn bhreise ach nuair a chealaítear ceann de na freagraí roimhe sin ar an gceist.

Pionóis:

1. Farasbarr ábhair: -1 nó -2 mharc.

2. Gearrfar pionós lúide 1 ar a mhéad in aghaidh na ceiste/na míre as gach earráid eile. Áirítear orthu seo:

   - Athfhriotal míchuí.
   - Ionramháil nuair nach mbíonn gá leis.
   - Earráidí teanga/gramadaí san ionramháil.
   - Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nach dtugtar faoi.
   - Freagraí tugtha sa teanga mhícheart, m.sh. freagraí i nGaeilge/Béarla nuair a theastaíonn an Fhraincis, mar a bheadh sa Compréhension Écrite; míreanna cheist 6 á bhfreagairt as Fraincis.

**Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh sé go ngearrfaí an pionós as farasbarr in éineacht le haon cheann de na pionóis a luaitear in 2 thuas.**

## C.1 (60 marc)

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart i gCeist 1(ii) agus 2(i).**
**I gCeist 6, má fhaightear níos lú ná na marcanna iomlána i gceachtar mír, bronntar an marc is airde as gach mír.**

**1.(i) …………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Relevez l'expression qui montre que Xavier a fait des études supérieures. (Roinn 1)*

- Diplômé d'une école de commerce (à Grenoble)………………………………… 5 Mharc
- Diplômé (d'une école)………………………………………………………… 3 Mharc
- Diplômé d'une école de commerce à Grenoble, il travaille depuis deux ans pour un constructeur automobile (Abairt iomlán)………………………………………. 3 Mharc

**1.(ii)…………………………………………………………………………………..… 5 Mharc**

*Combien de temps Xavier doit-il passer dans le train chaque jour ? (Roinn 1)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart.**

- Plus de trois heures (de transport quotidien)……………………………………… 5 Mharc
- trois heures (de transport quotidien)……………………………………………… 4 Mharc

**2.(i)…………………………………………………………………………………… 5 Mharc**

*Comment Xavier s'occupe-t-il dans le RER, la plupart des jours ? (Roinn 2)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart.**

- (Chaque semaine) il lit (deux ou trois romans policiers en chemin)………………. 5 Mharc

**2.(ii)………………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Quand le réseau est bloqué, que fait Xavier pour avertir son employeur ? (Roinn 2)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- (Quand ça coince,) il envoie un SMS à son patron / employeur…………………. 5 Mharc
- (Quand ça coince,) il lui envoie un SMS………………………………………… 5 Mharc

- (Quand ça coince,) j'envoie un SMS à mon patron……………………………… 4 Mharc
- (Quand ça coince,) il envoie un SMS……………………………………………. 4 Mharc
- (Quand ça coince,) j'envoie un SMS…………………………………………….. 3 Mharc

**Tabhair faoi deara: Má chuirtear "Il est compréhensif" leis, lúide 2 mharc.**

**3.(i)…………………………………………………………………………………....... 5 Mharc**

*Citez l'expression qui montre que Xavier passe la nuit entière à Paris. (Roinn 3)*

- il dort chez un copain dans la capitale.……………………………….………… 5 Mharc
- il dort dans la capitale……………………………………………………..…. 4 Mharc
- il dort chez un copain…………………..……………………………………..… 3 Mharc

**Tabhair faoi deara: Má chuirtear "S'il est trop tard" leis, lúide 1 mharc.**

**3.(ii)………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Trouvez un verbe au conditionnel dans la troisième section.*

- Dirait……………………………………………………………………………… 5 Mharc

**Tabhair faoi deara: Lúide 1 Mharc in aghaidh gach míre nach mbaineann le hábhar.**
**Má thugtar an briathar mícheart leis an gceann ceart, bronn 0 marc.**
**Má thugtar "dirait" agus "portrait" araon, bronn 0 marc.**

**4.(i)……………………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Qu'est-ce que Xavier se trouve obligé de faire, actuellement ? (Roinn 4)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- (Il se trouve obligé de / il doit) vivre / habiter (encore) chez ses parents (parce qu'il n'a pas le choix)…………………………………………………………………… 5 Mharc

- Xavier / il vit (encore) chez ses parents (parce qu'il n'a pas le choix)……………. 4 Mharc

- Si Xavier / s'il vit (encore) chez ses parents c'est parce qu'il n'a pas le choix ….. 3 Mharc

- Si Xavier / s'il vit (encore) chez ses parents……………………………………… 2 Mharc

**4.(ii)…………………………………………………………………………………..…… 5 Mharc**

*Selon la quatrième section, Xavier*

*(a) pourrait avoir du mal à emprunter de l'argent à la banque*
*(b) devrait trouver un meilleur moyen de transport à Paris*
*(c) aimerait négocier une grande augmentation de salaire*
*(d) voudrait quitter son emploi dans le secteur de l'automobile.*

- (a)……………………………………………………………………………..….. 5 Mharc

**5(i)………………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Relevez l'expression qui suggère que les parents de Xavier se sont privés de certaines choses. (Roinn 5)*

- (Moyennant) quelques sacrifices………………………………………………….. 5 Mharc

- sacrifices…………………………………………………………………………… 3 Mharc

**Tabhair faoi deara: Má bhíonn "s'offrir leur maison à Sucy" san áireamh, lúide 2 mharc.**

**5.(ii)……………………………………………………………………………………...… 5 Mharc**

*Expliquez pourquoi le cousin de Xavier a déjà pu acheter une maison. (Roinn 5)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- Il habite / est en Bretagne, où les maisons coûtent moins cher……………………. 5 Mharc
- Il n'habite pas la région parisienne, où les maisons sont (très / trop / plus) chères.. 5 Mharc

- Il habite / est en Bretagne mais ce phénomène est très spécifique à la région parisienne……………………………………………………………………….. 4 Mharc
- Il habite / est en Bretagne ………………………………………………………… 3 Mharc
- Il n'habite pas la région parisienne ……………………………………………….. 3 Mharc
- (C'est impossible, mais) ce phénomène est très spécifique à la région parisienne…0 Marc

**6……………………………………………………………………………………… 5 + 5 Mharc**

*Bhí cúis mhaith ag Xavier le bheith sásta lena shaol. An aontaíonn tú leis sin? (Dhá phointe, timpeall 50 focal ar an iomlán.)*

**Féadfaidh iarrthóirí aontú nó easaontú agus na pointí seo a leanas á n-úsáid acu:**

**Aon <u>dá cheann</u> ar bith de na pointí seo a leanas:**

- Tig leis cónaí lena thuismitheoirí, gan costas morgáiste.
- Tá céim aige, agus dá thoradh sin, tá post seasmhach, le tuarastal maith aige le dhá bhliain anuas.
- Cé go bhfuil turas fada chun na hoibre air, tig leis codladh nó léamh sa charráiste ciúin.
- Tá fostóir tuisceanach aige ar féidir leis téacs a chur chuige má bhíonn aon mhoill air ag dul ag obair.
- Tá caitheamh aimsire aige cosúil le cadhcáil, snámh, dul chuig an bpictiúrlann agus léamh.
- Tá saol sóisialta maith aige, uaireanta téann sé amach ag ithe lena chairde, agus tig leis fanacht lena chairde i bPáras.

Srl., srl.

- Mar gheall air go bhfuil tithe costasach i réigiún Pháras, caithfidh sé cónaí lena thuismitheoirí, codlaíonn sé sa seomra ina mbíodh sé mar leanbh.
- Níl post cinnte ar feadh a shaoil aige, mar sin ní féidir leis morgáiste a fháil.
- Caitheann sé níos mó ná trí huaire an chloig ag taisteal chun na hoibre gach lá, fágann sé an baile ag 7.15 a.m. agus filleann sé ag 8 p.m.
- Le bheith neamhspleách, in acmhainn teach a cheannach, chaithfeadh sé bogadh i bhfad ó Pháras agus a chairde a fhágáil agus níos mó ama a chaitheamh ag taisteal chun na hoibre.

Srl., srl.

## C.2 (60 marc)

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart i gCeist 1(ii) agus 4(ii).**
**I gCeist 6, má fhaightear níos lú ná na marcanna iomlána i gceachtar mír, bronntar an marc is airde as gach mír.**

**1.(i)…………………………………………………………………………………..…….. 5 Mharc**

*Relevez une phrase dans la première section qui indique qu'il fait très chaud. (Roinn 1)*

- Le soleil sans vent commence à brûler……………………………………………. 5 Mharc
- Le soleil commence à brûler……………………………………………………….. 4 Mharc
- Les troupeaux de vaches qui cherchent l'ombre …………………………………. 3 Mharc
- Le soleil sans vent…………………………………………………………………. 2 Mharc
- Le soleil……………………………………………………………………………. 1 Mharc

**1.(ii)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Qu'est-ce qui suggère qu'il y a très peu de circulation dans cet endroit ? (Roinn 1)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- Les / de rares voitures passent (sur la route)……………………………………..5 Mharc
- Pendant que les rares voitures passent (sur la route)……………………….….. 4 Mharc
- Les / de rares voitures……………………………………………………………. 3 Mharc
- Voitures…………………………………………………………………………... 1 Mharc

**2.(i)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Trouvez dans la première section un adjectif possessif.*

- Son……………………………………………………………………….……….. 5 Mharc

**Tabhair faoi deara: Bronn 5 mharc nó 0 marc.**

**2.(ii) ……………………………………………………………………………………… 5 Mharc**

*Citez une expression qui montre comment on essaie de rendre l'air plus frais dans le restaurant. (Roinn 2)*

- Les fenêtres ouvertes ……………………………………………..……………. 5 Mharc
- Malgré les fenêtres ouvertes…………………………………………………… 4 Mharc
- Les fenêtres……………………………………………………………….…. 0 Marc
- Le gros ventilateur (bleu posé sur le comptoir) ………………..……………… 5 Mharc
- Le ventilateur (bleu posé sur le comptoir) ……………………….…………….. 4 Mharc
- À l'intérieur, l'air est chaud, presque humide, malgré les fenêtres ouvertes et le gros ventilateur (bleu posé sur le comptoir) (Abairt iomlán)……………………….. 3 Mharc

**3.(i)……………………………………………………………………………..……… 5 Mharc**

*Relevez l'expression qui veut dire « son téléphone sonne encore une fois ». (Roinn 2)*

- (l'indicatif musical de) son portable retentit à nouveau…………………………… 5 Mharc
- (l'indicatif musical de) son portable retentit………………………………….…... 4 Mharc
- Son portable……………………………………………………………….. 0 Marc

**Tabhair faoi deara: Má bhíonn "dans le vide (de l'après-midi)" san áireamh, lúide 1 mharc.**

**3.(ii)……………………………………………………………………..……….….. 5 Mharc**

*Selon Nora, quelle est la raison pour le coup de téléphone ? (Roinn 3)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- (Pour (lui) dire qu'en principe) elle arrive / arrivera dans quelques jours à Paris… 5 Mharc
- (Pour (te) dire qu'en principe) j'arrive dans quelques jours à Paris……………..…… 4 Mharc

**Tabhair faoi deara: Má fhágtar "Paris" ar lár, lúide 1 mharc.**

**4.(i)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Que fait Blériot pour que les autres clients n'entendent pas sa conversation avec Nora ? (Roinn 3)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- Il se lève (précipitamment) pour aller vers les toilettes / aux toilettes (à l'abri des oreilles indiscrètes) ……………………………………………………………….… 5 Mharc
- Il va vers les toilettes / aux toilettes (à l'abri des oreilles indiscrètes)………….. 5 Mharc

- aller vers les toilettes / aux toilettes (à l'abri des oreilles indiscrètes)………….... 4 Mharc
- pour aller vers les toilettes / aux toilettes (à l'abri des oreilles indiscrètes)……… 3 Mharc
- Il fait en se levant (précipitamment) pour aller vers les toilettes / aux toilettes (à l'abri des oreilles indiscrètes)……………………………………………………. 3 Mharc
- Il se lève (précipitamment)…………………………………………………..…. 0 Marc

**Tabhair faoi deara: Glac leis an Aimsir Chaite.**

**4.(ii)……………………………………………………………………………….… 5 Mharc**

*Pourquoi la conversation entre Blériot et Nora se termine-t-elle brusquement ? (Roinn 3)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- ils ont été / sont coupés……………………………………………………… 5 Mharc

- qu'ils ont été / sont coupés……………………………………………………….. 4 Mharc
- Il a été coupé / Elle a été coupée………………………………………………. 3 Mharc

**Tabhair faoi deara: Glac le "car" / "parce (qu')" roimh an bhfreagra.**

**5.(i)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*D'après la quatrième section, Blériot*

*(a) a beaucoup de mal à entendre Nora au téléphone*
*(b) répond immédiatement quand Nora le rappelle*
*(c) enregistre un message sur le téléphone de Nora*
*(d) fait des efforts pour rejoindre Nora au téléphone.*

- (d)…………………………………………………………………………..….. 5 Mharc

**5.(ii)………………………………………………………………………………………. 5 Mharc**

*De retour à sa table, quelle est la seule indication que Blériot est troublé ? (Roinn 4)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- Le / un léger frémissement de ses mains………………………………………….. 5 Mharc
- (A l'exception) du léger frémissement de ses mains……………………………… 4 Mharc
- Le / un léger frémissement……………………………………………………… 2 Mharc

**Tabhair faoi deara: Má bhíonn "léger" in easnamh, lúide 1 mharc.**

**6……………………………………………………………………………… 5 + 5 Mharc**

*Sa sliocht seo, déanann an scríbhneoir cur síos mion (i) ar an tuath agus (ii) ar an mbialann. An aontaíonn tú leis sin? (Dhá phointe, timpeall 50 focal ar an iomlán.)*

**Féadfaidh iarrthóirí aontú nó easaontú agus na pointí seo a leanas á n-úsáid acu.**

(i) Tuath

- Bóthar beag le bláthanna agus sceacha/toir ar na ciumhaiseanna, agus coillte, páirceanna agus tréada bó. Síochánta mar ní théann mórán carranna thar bráid.

(ii) Bialann

- Foirgneamh aon stóir, a bhfuil léibheann / deic adhmaid agus roinnt crann mórthimpeall air. Tá atmaisféar te, meirbh taobh istigh, le fuinneoga oscailte agus fean. Ní raibh ann mar chustaiméirí ach triúr tiománaithe trucaile as an Spáinn agus lánúin scothaosta.

Srl., srl.

## SECTION II PRODUCTION ÉCRITE (100 marc)

### Éigeantach

C. 1 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 20 marc |
| Teanga | 20 marc |

(40 marc)

### Freagair dhá cheann de na ceisteanna 2, 3, 4

C. 2 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc |
| Teanga | 15 mharc |

(30 marc)

C. 3 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc |
| Teanga | 15 mharc |

(30 marc)

C. 4 (a) nó (b)

| | |
|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc |
| Teanga | 15 mharc |

(30 marc)

**<u>Nótaí</u>**: C. 2 (a) agus (b) Níl gá le leagan amach ar leith anseo.

# GREILLE MHARCÁLA

| Cumarsáid | C. 1<br>20 marc | C. 2, 3 & 4<br>15 mharc |
|---|---|---|
| **BARR**<br>• Feidhm mhaith bainte as an ábhar spreagtha<br>• Ardleibhéal comhleanúnachais sa téacs<br>• Soiléire san argóinteacht<br>• An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>• Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann<br>• Gan mórán dearmad sa tsainréim teanga | **13 - 20** | **11 - 15** |
| **LÁR**<br>• Déileáil fhorásach go maith leis an ábhar spreagtha<br>• Leibhéal réasúnta comhleanúnachais sa téacs<br>• Sothuigthe ag Francach aonteangach<br>• Meas ar an iomlán ar aidhm na cumarsáide<br>• Roinnt ábhair neamhábhartha<br>• Gan an iomarca dearmad sa tsainréim teanga | **8 - 12** | **6 - 10** |
| **BUN**<br>• Athscríobh amháin nó an-drochdhéileáil leis an ábhar spreagtha<br>• Easpa comhleanúnachais sa téacs<br>• Bheadh deacracht ag Francach aonteangach é a thuiscint<br>• Aidhm na cumarsáide neamhéifeachtach<br>• Cuid mhór ábhar neamhábhartha<br>• Dearmaid sa tsainréim teanga | **0 - 7** | **0 - 5** |
| **Teanga** | **C. 1<br>20 marc** | **C. 2, 3 & 4<br>15 mharc** |
| **BARR**<br>• Fraincis nádúrtha<br>• Stór focal saibhir<br>• Abairtí casta á láimhseáil go maith<br>• Gan mórán dearmad sna briathra, san aontú ná sa litriú | **13 - 20** | **11 - 15** |
| **LÁR**<br>• Stór focal leordhóthanach<br>• Na briathra ceart ar an iomlán<br>• Rialacha an aontaithe i gceart de ghnáth<br>• Gan an iomarca dearmad sa litriú | **8 - 12** | **6 - 10** |
| **BUN**<br>• Fadhbanna le stór focal<br>• Formhór na mbriathra mícheart<br>• Neamhaird ar riail bhunaidh an aontaithe<br>• Cuid mhór dearmad sa litriú | **0 - 7** | **0 - 5** |

# <u>Triail Chluastuisceana (80 marc)</u>

Tuairimí ginearálta

1. <u>Ní gá</u> go mbeadh pointí ar leith ar línte ar leith.
2. Ní ghearrtar aon phionós as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
3. Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
4. Má fhreagraítear an Triail iomlán/roinn iomlán den Triail sa Fhraincis: marcáil de réir na Scéime Marcála, agus ansin bain 20% de na marcanna a gnóthaíodh.

**Sna ceisteanna a leanas, má fhaightear níos lú ná na marcanna iomlána i gceachtar mír, bronntar an marc is airde as gach mír: I, C.2; II, C.2; III, C.2 & C.4; IV, C.3.**

**<u>Roinn I (12 mharc)</u>**

**1.**

*Cá fhad a d'fhan Diane i nGaillimh?*

- Trí / 3 seachtaine…………………………………………………………….. 3 mharc

**2.(a) & (b)**

*Luaigh dhá chúis go raibh díomá ar Diane i dtaca lena cuairt.*

**Dhá cheann díobh seo**

- Níor theastaigh ón gcailín / ón iníon / ó Rosemary go mbeadh duine eile ina teach / ag fanacht léi…………………………………………………………………..… 3 Mharc
- Ní raibh sí / an mháthair go deas / lách / cairdiúil……………………..............… 3 Mharc
- Ní dhearna sí mórán (ar bith) marcaíochta (ar chapall) (le linn a cuairte)……....... 3 Mharc

- Ní dhearna sí aon mharcaíocht (ar chapall) (le linn a cuairte)………………….......0 Marc

**3.**

*De réir Diane, conas a chuir sí feabhas ar a cuid Béarla?*

- Plé / Labhairt / Caint le déagóirí (Éireannacha) / daoine óga / daoine Éireannacha ……….................................................................................................... 3 Mharc

- Plé / Labhairt / Caint (le daoine)……………………………………………....1 Mharc

**Roinn II (18 marc)**

**1.(i)**

*Cad a dhéanann a mhac nuair a dhéanann Serge iarracht labhairt leis?*

- Téann sé suas chuig a sheomra / dúnann sé doras a sheomra (láithreach) …....... 3 Mharc

**1.(ii)**

*Luaigh cúis amháin a bhfuil Serge buartha faoina mhac.*

**Ceann díobh seo**

- Tá a fhios aige an praghas atá ar (lítear / bhuidéal) vodca……………………..… 3 Mharc
- \- Ólann sé vodca…………………………………………………………..…... 2 Mharc
- \- Vodca………………………………………………………………….…….. 1 Mharc
- Iarann sé (100 euro/a lán) airgid (air) gach seachtain, (gan a mhíniú cén fáth / cad chuige) ……………………………………………………………………….........… 3 Mharc
- \- Iarrann sé airgead (air)……………………………………………………… 2 Mharc

**Tabhair faoi deara: Glac leis an Aimsir Chaite.**

**2.(a) & (b)**

*Tabhair an dá chúis leis an gcoimhlint idir Hélène agus a hiníon.*

**Dhá cheann díobh seo**

- Ní dhearna sí (dóthain) oibre ar scoil……………………………………...........… 3 Mharc
- \- Ní dhearna sí aon obair………………………………………...........................… 2 Mharc
- Ní raibh aon mheas aici (ar dhaoine níos sine ná í)……………..........................… 3 Mharc

**Tabhair faoi deara: Glac leis an Aimsir Láithreach.**

**Caithfidh an freagra faoi "Ní raibh aon mheas aici" duine a lua nó a chur in iúl.**

**3.(i)**

*Cén tír ar thug Victor cuairt uirthi lena mhac?*

- An Afraic Theas…………………………………………………………..… 3 Mharc
- \- Deisceart na hAfraice……………………………………………………... 2 Mharc
- \- An Afraic………………………………………………………………...... 1 Mharc

**3.(ii)**

*De réir Victor, cad ba chóir do thuismitheoirí agus a bpáistí a dhéanamh?*

- Am a chaitheamh le chéile ar thionscadal (i bpáirt a chéile)……………….......... 3 Mharc
- \- Am a chaitheamh le chéile……………...……………………….......................... 2 Mharc

**Tabhair faoi deara: Má thugtar "plean", lúide 1 mharc.**

**Roinn III (21 Mharc)**

**1.(i)**

*Cén t-ábhar a mhúinfear sa chéad rang eile?*

- Ceimic…………………………………………………………………………........3 Mharc

**1.(ii)**

*Cén fáth ar fuath le Karine an t ábhar seo?*

- Ceapann sí go bhfuil sé (an-)deacair an múinteoir a thuiscint…………………….... 3 Mharc
- Ceapann sí go bhfuil sé (an-)deacair le tuiscint……………………….…………… 2 Mharc
- Ní thuigeann sí an múinteoir………………….............................…………… 1 Mharc

**Tabhair faoi deara: Má thugtar "ollamh", lúide 1 mharc.**

**2.(a) & (b)**

*Tabhair an dá chúis a bhfuil Karine míshásta maidir le staidéar a dhéanamh ar an leigheas.*

**Dhá cheann díobh seo**

- Ní theastaíonn uaithi naoi mbliana / a lán ama a chaitheamh ag staidéar / ar an ollscoil........................................................................................................... 3 Mharc
- \- Ní theastaíonn uaithi staidéar / dul ar an ollscoil..................................................... 2 Mharc
- (Ceapann sí) nach bhfuil na cáilíochtaí (riachtanacha) aici le go n-éireoidh léi (sa ghairm sin)........................................................................................................... 3 Mharc
- \- (Ceapann sí) nach bhfuil na cáilíochtaí (riachtanacha) aici .................................... 2 Mharc

**Tabhair faoi deara: Líon mícheart blianta, lúide 1 mharc.**

**Glac le "tréithe".**

**3.**

*Cathain ar bhuail Karine agus a tuismitheoirí leis an Treoirchomhairleoir?*

- Ag tús an téarma / trímistéar / tseimeastair (seo)…………………………………. 3 Mharc
- \- An téarma / trímistéir / seimeastar seo ………………………………….....…… 2 Mharc
- \- Ag tús na bliana …………………………………………………….........……. 1 Mharc

**4.(a) & (b)**

*Tabhair an dá chúis nach bhfuil tuismitheoirí Karine i bhfabhar a rogha gairm.*

- Is post (sách) deacair go fisiciúil do bhean é ………………………………….…. 3 Mharc
- \- Is post (sách) deacair do bhean é ……………………………..................………. 2 Mharc
- \- Is post (sách) deacair é / Tá sé deacair ……………………………………............ 1 Mharc
- Tá sé deacair conradh / post fadtéarmach / buan / éiginnte a fháil i mbialanna (móra / maithe)………………………………………...……………………….....… 3 Mharc
- \- Tá sé deacair conradh / post a fháil i mbialanna (móra / maithe)……......…………… 2 Mharc
- \- Tá sé deacair conradh / post fadtéarmach / buan / éiginnte a fháil .......................... 2 Mharc
- \- Tá sé deacair conradh / post a fháil ....................................................................... 1 Mharc

**Roinn IV (21 Marc)**

**1.**

*Cén fáth a raibh an tseachtain seo caite difriúil d'Alexandre?*

- D'fhoilsigh sé leabhar ……………………………………………………………….. 3 Mharc
- Scríobh sé leabhar ………………………………………………………......... 1 Mharc

**2.(i)**

*Cén leithscéal is minice a bhíonn ag tiománaithe gluaisteáin?*

- Sláinte / tinneas…………………………………………………....………..……. 3 mharc
- (Deir siad) go bhfuil a mbean chéile / bhfear céile / leanaí / leanbh / duine muinteartha tinn…………………..................................................................................……. 3 Mharc

**2.(ii)**

*Cén fáth a mbíonn daoine áirithe sásta aon ní a dhéanamh chun a gceadúnais tiomána a choinneáil?*

- Tá an baol ann go gcaillfidh siad a bpost / d'fhéadfaidís a bpost a chailleadh……..3 Mharc

**3.(a) & (b)**

*Ainmnigh dhá shampla de leithscéalta amaideacha a thug tiománaithe d'Alexandre faoi bheith ag tiomáint ar luas.*

**Dhá cheann díobh seo**

- (Dúirt fear go raibh) bia reoite sa bhúit aige…………..…………………………..….. 3 Mharc
- (Dúirt fear go raibh) bia reoite (sa charr) aige………………………...…….……….. 2 Mharc
- (Dúirt fear go raibh) bia sa bhúit aige…………………………………………..…….. 2 Mharc
- (Dúirt fear go raibh) bia sa charr aige…………………………………………..…….. 1 Mharc
- Bia……………………………………………………………………...……..….… 0 Marc

- (Dúirt bean go raibh sí) déanach i gcomhair coinne gruaige / don ghruagaire ....... 3 Mharc
- (Dúirt bean go raibh sí) déanach i gcomhair coinne / cruinniú .............................. 2 Mharc
- (Dúirt bean go raibh sí) déanach ......................................................................... 1 Mharc

**4.(i)**

*Ainmnigh rud amháin ba chóir do thiománaí a dhéanamh má stopann na póilíní é/í.*

- An fhírinne a insint / An botún / earráid / fabht a admháil ……………………........ 3 Mharc

**4.(ii)**

*Má éiríonn tiománaí trodach, cad a dhéanann Alexandre?*

- Gearrann fíneáil / ticéad air (gan doic)………………...........…………………… 3 Mharc

\- Gearrann pointí pionóis / pionós / toghairm air ……………………………………2 Mharc

**<u>Roinn V (8 Marc)</u>**

**1.**

*Conas a bheidh an aimsir tráthnóna?*

- Gaoth lag / sealanna geala / sealanna grianmhara / ní thitfidh cith fearthainne…… 2 mharc
- \- Gaoth / Gaofar / Tirim…………………………………………………………….. 1 Mharc

**2.**

*Cé mhéad hearóine a fuair na póilíní?*

- 340 / Trí chéad agus daichead gram……………………………………....…….. 2 Mharc
- \- 340 / Trí chéad agus daichead (punt, cileagram, srl.)………………………........ 1 Mharc

**Tabhair faoi deara: Má thugtar an uimhir mhícheart, bronn 0 marc.**

**3.(i)**

*Cén áit ónar léim an paraisiútaí seo?*

- An 29ú stór / hurlár (de bhloc árasán / de bhloc oifige / d'fhoirgneamh)..…....…. 2 Mharc
- Bloc árasán / bloc oifige / foirgnimh .................................….……………….... 2 Mharc

**Tabhair faoi deara: Má thugtar an uimhir mhícheart, "barr" / "díon", lúide 1 mharc.**

**3.(ii)**

*Cad a tharla dó, mar thoradh ar an ngníomh seo?*

- Ghortaigh sé (a dhroim) (go dona)…………………………………..……….…..... 2 Mharc
- \- Bhris sé a dhroim………………………………..………………................…… 1 Mharc

**Tabhair faoi deara: Ghortaigh sé a chos, srl. = 1 mharc.**

**Bhris sé a chos, srl. = 0 marc.**

# AGUISÍN 1

## Scéim Mharcála Mhionathruithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- úsáid téipthaifeadáin.
- úsáid ríomhaire agus seiceálaí litrithe air.
- úsáid scríobhaí.
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.

Sa Fhraincis Ardleibhéil san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

### Léamhthuiscint agus Táirgeadh Scríofa

Litriú: ná cuir líne faoi fhocail atá litrithe mícheart ná a bhfuil aicinn ar lár nó mícheart orthu, fiú má chuireann sé isteach ar fhuaimniú an fhocail. Dearcaimid ar aicinn mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh orthu.

Gramadach: is féidir na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós á ngearradh orthu a aithint ach ligean ort féin go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip/CD. Is ar dhearmad a thabharfaidh an chluas faoi deara amháin is cóir pionós a ghearradh.

**Sampla 1:**

Scríobhann an t-iarrthóir *Elle a allée.* Bheadh an briathar cúnta mícheart "avoir" le cluinstin ar CD, mar sin cuir líne faoi mar dhearmad agus gearr pionós dá réir.

**Sampla 2:**

Scríobhann an t-iarrthóir *Elle est allée.* **Níor chóir** líne a chur faoin easpa aontaithe ná pionós a ghearradh mar nach mbeifí tar éis é a thabhairt faoi deara ar CD.

**Sampla 3:**

Má scríobhann an t-iarrthóir é seo a leanas: *Toutes les monde detestent l'Irlandais. Le grammer a trop difficil mes c,est olbigatoire*. Níl aon bhotún i gceist anseo seachas *Toutes, les, le,* agus *a* ar an ábhar gur botúin ghramadaí iad. Is botún litrithe atá in "*Olbigatoire"* seachas botún gramadaí, mar sin ní ghearrtar aon phionós air.

# AGUISÍN 2

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na hábhair a leanas:

- **Fraincis – Ardleibhéal**

## Iomlán: 300 Gnathráta: 5%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 225. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 - 226 | 11 |
| 227 - 233 | 10 |
| 234 - 240 | 9 |
| 241 - 246 | 8 |
| 247 - 253 | 7 |
| 254 - 260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261 - 266 | 5 |
| 267 - 273 | 4 |
| 274 - 280 | 3 |
| 281 - 286 | 2 |
| 287 - 293 | 1 |
| 294 - 300 | 0 |